

Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta

le Peadar Mac Giolla Bhríghde, Comhordaitheoir na gCáilíochtaí Gaeilge

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Bíonn ar bhunmhúinteoirí a fhaigheann a gcuid oiliúna lasmuigh den stát an Cháilíocht sa Ghaeilge a bhaint amach le lán-aitheantas a fháil mar bhunmhúinteoirí sa tír seo. Tá dhá bhealach ann anois chun an Cháilíocht a bhaint amach. Cheana féin, tá an Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG) ann.

Anois, tá Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (OCG) ann freisin. Le tabhairt faoin Cháilíocht sa Ghaeilge, caithfidh an múinteoir a bheith cláraithe/ i mbun



cláraithe leis an Chomhairle Mhúinteoireachta.

Eolas iomlán ar OCG

Tá difríochtaí tábhachtacha idir an SCG agus OCG. Maidir leis sin, moltar do mhúinteoirí an t-eolas go léir atá ar an suíomh idirlín www.ilrweb.ie a léamh

go mion. In OCG tá béim ar leith ar Mhúineadh na Gaeilge agus ar chumas Gaeilge an mhúinteora sa scoil. Ag deireadh OCG, déantar measúnú ar chumas Gaeilge an mhúinteora agus ar chumas an mhúinteora Gaeilge a mhúineadh i rang príomhshrutha.

An Tréimhse Oiriúnaithe agus Sruth na Maoile

Leis an Cháilíocht sa Ghaeilge a bhaint amach trí OCG, bíonn ar mhúinteoir dul trí thréimhse oiriúnaithe. Bíonn ar gach múinteoir tréimhse de 120 lá scoile ar a laghad a chur isteach i rang príomhshrutha. Tá ábhar tacaíochta don mhúinteoir sa Tréimhse Oiriúnaithe curtha ar fáil in Sruth na Maoile a bhféadfadh an múinteoir úsáid a bhaint as go neamhspleách nó le teagascóir. I rith na Tréimhse chomh maith, bíonn ar an múinteoir tréimhse de thrí seachtaine a chaitheamh sa Ghaeltacht ag freastal ar chúrsa aitheanta don Cháilíocht.

OCG: Modúil agus Measúnú

I s féidir tabhairt faoi OCG ar bhonn modúlach. Tá ceithre mhodúl ann:

- 1 An Modúl Scríofa
- 1 An Modúl Cluastuisceana
- 1 An Modúl Labhartha
- 1 An Modúl i Múineadh na Gaeilge.

In Sruth na Maoile, cuirtear ábhar tacaíochta do na modúil sin ar fáil. San ábhar tacaíochta go léir, cuirtear béim ar na nithe seo a leanas: saol an mhúinteora mar dhuine, saol an mhúinteora mar fhoghlaimeoir, saol gairmiúil an mhúinteora agus saol na bpáistí.

An Triail Scríofa

(100 marc. Pasmharc: 40)

Trí huair an chloig don Triail. Cúig cheist le freagairt.

Roinn A: Scríbhneoireacht Fheidhmiúil (30 marc, 1 uair an chloig)

1. Litir nó

2. Litir

Bíonn baint ag na litreacha le cúrsaí scoile i gcónaí.

Roinn B: Aistriúchán (35 marc, 1 uair an chloig)

3. Aistriúchán (Deich gcinn d'abairtí

aonair a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge, gnáthrudáí a bhíonn le rá ag múinteoirí le páistí go neamhfhoirmiúil ó thús deireadh an lae.)

agus

4. Aistriúchán (Comhrá beirte idir príomhoide agus múinteoir a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge.)

Roinn C: Gramadach (25 marc, 40 nóiméad).

5. Gramadach (Caoga ceist le freagairt, le béim ar an mbriathar).

Roinn D: Léamhthuiscint (10 marc, 20 nóiméad)

6. Léamhthuiscint (Litríocht Thraidisiúnta, cúig cheist le freagairt, trí cinn a lorgaíonn buntuisicint, dhá cheann a lorgaíonn tuisicint liteartha.)

nó

7. Léamhthuiscint (Litríocht d'Fhoghlaimeoirí, cúig cheist le freagairt, trí cinn a lorgaíonn buntuisicint, dhá cheann a lorgaíonn tuisicint liteartha.)

An Triail Chluastuisceana

(100 marc. Pasmharc: 40)

Bíonn an téacs éisteachta céanna ann

d'OCG agus a bhíonn ann don SCG. In OCG, áfach, is ceisteanna ilroghnacha a bhíonn le freagairt. Faightear téacsanna sna príomhchánúintí.

Fógra x 3

Comhrá x 3

Mír Nuachta x 3

Cúig cheist ar gach ceann, an luach céanna ar gach ceist.

Fad na Trialach: Uair an Chloig.

An Triail i Labhairt na Gaeilge

(100 marc. Pasmharc: 40)

Fad na Trialach: 15-20 nóiméad.

Plé ar phictiúr ag an tús (20 marc).

Triail Chainte Thraidisiúnta (80 marc).

An Measúnú ar Mhúineadh na Gaeilge

(100 marc. Pasmharc: 40)

Tarlaíonn an Measúnú go léir sa seomra ranga. Dhá chuairt ó fheitheoir ó Choláiste Mhuire Marino. 100 marc ag dul do na cuairteanna sin.

Scéim Bhliana, Scéim Sheachtaine agus Ceacht Scríofa le hullmhú do gach cuairt, agus an Ceacht a mhúineadh.

In OCG, ní bhíonn aon cheisteanna teoirice le freagairt ar Mhúineadh na Gaeilge.

Bíonn na caighdeáin chéanna á lorg in OCG agus a bhíonn á lorg don SCG.

sa Ghaeilge (OCG)

Seoladh Sruth na Maoile

Ag ócáid an-deas i gColáiste Mhuire, Institiúid Oideachais Marino, ar an Satharn, 5 Mí na Nollag, sheol Uachtarán an Choláiste, An Dr Áine Ní Ghadhra, Sruth na Maoile le hAodán Mac Suibhne agus Marie Whelton. Scríobhadh an leabhar seo chun cabhrú le bunmúinteoirí a fhaigheann a gcuid oiliúna thar lear, an Cháilíocht sa Ghaeilge a bhaint amach. Go dtí seo, ní raibh ach bealach amháin ann chun é sin a dhéanamh, i.e. tabhairt faoin Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge nó an “SCG” mar is fearr aithne air. Tá bealach eile ann anois, i.e. Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (OCG).

Ní fios do gach duine go dtéann os cionn sé chéad mac léinn thar lear gach bliain – go dtí an Bhreatain Bheag, go Sasana agus go hAlbain - chun a gcuid oiliúna mar bhunmúinteoirí a fháil. Le teacht Sruth na Maoile, beidh ábhar tacaíochta ag na múinteoirí sin agus iad ag dul trí thréimhse oiriúnaithe agus measúnú le déanamh orthu ag an deireadh.

Agus Sruth na Maoile á sheoladh ag An

Dr Áine Ní Ghadhra, dúirt sí, ‘Tugaim faoi deara go bhfuil béim bhreise á cur ar mhúineadh na Gaeilge sa seomra ranga agus ar chumas múinteoirí comhrá i nGaeilge a dhéanamh le daoine eile i dtimpeallacht na scoile.’

I láthair ag an seoladh, bhí éamonn Murtagh, ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Máire Ní Chuinneagáin, Uachtarán, Cumann Múinteoirí Éireann, Stiúrthóirí Ionaíd Oideachais, Stiúrthóirí Coláistí Gaeltachta, chomh maith le foireann Institiúid Oideachais Marino.

Leabhar fíorálainn is ea é Sruth na Maoile. Emer O’Boyle a rinne an pictiúr clúdaigh agus tá an leabhar tiomnaithe d’Eoghan Ó Súilleabháin, cigire ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, a d’éag anuraidh agus a chaith na blianta ag obair ar an SCG.

Is féidir gach eolas ar gach cuid d’OCG a aimsiú ar an suíomh idirlín www.ilrweb.ie agus in Sruth na Maoile.



Ag seoladh an leabhair Sruth na Maoile: Aodán Mac Suibhne, Comhordaitheoir na Gaeilge, Coláiste Mhuire Marino, Máire Ní Chuinneagáin, Uachtarán, Cumann Múinteoirí Éireann, Áine Ní Ghadhra, Uachtarán Institiúid Oideachais Marino agus Marie Whelton, Léachtóir le Gaeilge, Coláiste Mhuire Marino.

Full details on OCG (Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge) are available on the Irish Language Requirement website www.ilrweb.ie and in Sruth na Maoile.

Foilseacháin eile don Cháilíocht sa Ghaeilge

Beatha Teanga

Cúrsa Gaeilge do Mhúinteoirí atá ag tosú ag foghlaim Gaeilge.

Í a Labhairt

Cúrsa Gaeilge Idirmheánach do Mhúinteoirí.

Cóir Ghaoithe

Cúrsa Ullmhúcháin don SCG.

? Tá Peadar Mac Giolla Bhríghde ar iasacht ó Scoil Réalt na Mara, Na Scéirí.